AN GHNÍOMHAIREACHT UM THACAÍOCHT TEAGHLAIGH

Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh

Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais

CLÁR ÁBHAR **LEATHANACH**

FAISNÉIS	3
RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AN BHOIRD	5
RÁITEAS AR CHÓRAS DE RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS	6 - 8
RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA	9 - 10
CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS	11
CLÁR COMHARDAITHE	12
RÁITEAS SREAFA AIRGID	13
NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS	14 - 18

Chuig an Aire Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh

De réir téarmaí Míre 25 den Acht faoin nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh, 2001, cuireann an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh a Tuarascáil agus a Cuntais i láthair don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2008.

An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh

Faisnéis

Comhaltaí an Bhoird	Clare Cashman Uas. Caroline Murphy Uas. An tUas. Dick Hickey Maria Corrigan Uas. Angela Gaule Uas. An Dr. Colm O'Connor An tUas. Michael O'Kennedy (Cathaoirleach) Brid Rocks Uas. Muriel Walls Uas. An tUas. Geoffrey Corry Helen Faughnan Uas.
Príomhfheidhmeannach	An tUas. Pat Bennett
Ceanncheathrú Teaghlaigh	An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teach Fhaiche Stiabhna Ardán Phort an Iarla Baile Átha Cliath 2
Iniúchóir	An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste Caisleán Bhaile Átha Cliath Baile Átha Cliath 2
Cuntasóirí	Cuntasóirí Cairte Mazars Bloc 3 Lárionad Fhearchair Bóthar Fhearchair Baile Átha Cliath 2
Dlíodóir	A&L Goodbody IFSC Cé an Phoirt Thuaidh Baile Átha Cliath 1

An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh

Ráiteas ar Fhreagrachtaí

Éilíonn Mír 25 den Acht faoin nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh 2001 ar an bPríomhFheidhmeannach agus ar Chomhaltaí an Bhoird, thar ceann na Gníomhaireachta, ráitis airgeadais a ullmhú i bhfoirm a d'fhéadfadh a bheith ceadaithe ag an Aire Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, éilítear ar an bPríomhfheidhmeannach agus ar an mBord, thar ceann na Gníomhaireachta :

- Beartais oiriúnacha cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus críonna
- A chur in iúl ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta oiriúnacha, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtadh nó a míniodh sna ráitis airgeadais
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí toimhdiú go leanfaidh an Bord ag feidhmiú

Tá an Príomhfheidhmeannach faoi stiúir Bhord na Gníomhaireachta freagrach as leabhair chearta chuntais a choinneáil, a nochtann ar bhealach fíor agus cóir ag am ar bith, riocht airgeadais na Gníomhaireachta agus a chuireann ar a cumas a chinntiú go réitíonn na ráitis airgeadais le Mír 25 den Acht. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní na Gníomhaireachta a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

_____ 21 Nollaig 2009

Cathaoirleach ; thar ceann an Bhoird **Dáta**

Pat Bennett

_____ 21 Nollaig 2009

Príomhfheidhmeannach **Dáta**

An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh

Ráiteas ar Chóras de Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gCóras de Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann chomhaltaí na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh (FSA) admhaímid ár bhfreagracht as a chinntiú go gcothaítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach de rialú inmheánach airgeadais.

Ní féidir leis an gcóras ach a chinntiú go réasúnta agus ní go hiomlán go gcosnaítear na sócmhainní, go n-údaraítear na hidirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí, agus go gcoisctear earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile nó neachtar go ndéanfaí iad a bhrath go tráthúil.

Príomhmhodhanna Rialaithe

Bunaíodh an FSA de réir an Achta faoin nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh 2001 agus thosaigh sí ag feidhmiú ar 6 Bealtaine 2003. Bheartaigh an FSA i dtosach ó shin chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú trí:

- A chinntiú go gcloíonn an FSA lena dualgais Airgeadais faoin Acht
- A chinntiú go slánaítear sócmhainní agus dliteanais na Gníomhaireachta mar is ceart
    - Freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir i struchtúr eagraíochtúil sainmhínithe le dealú soiléir dualgas agus
    - Bunú fochoistí cuí an Bhoird chun go ndíreofar níos mó ar limistéir áirithe

Tá an córas de rialú inmheánach airgeadais taobh istigh den FSA bunaithe ar chreatlach d'fhaisnéis bhainistíochta mhíosúil, modhanna riaracháin (lena n-áirítear dealú na ndualgas agus teorainneacha údaraithe), agus córas tairmligin agus freagrachta. Áiríonn sé go hairithe

- Córas buiséadachta le buiséad bliantúil, a ndéantar próifíliú air don bhliain agus a athbhreithníonn agus a cheadaíonn an Feidhmeannas agus an Bord sula gcuirtear é faoi bhráid na Roinne Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh
- Athbhreithniú rialta ag an bhFheidhmeannas agus ag an mBord ar thuarascálacha caiteachais a thaispeánann an comhall airgeadais in éadan an bhuiséid
- Athbhreithniú rialta ag an bhFheidhmeannas agus ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais agus príomhtháscairí oibríochtúla agus
- Treoirlínte soláthair, tairisceana agus infheistíochta caipitil atá sainmhínithe go soiléir.

An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh

Ráiteas ar Chóras de Rialú Inmheánach Airgeadais

Tugann foireann bhainistíochta an Fheidhmeannais, a bhfuil freagracht acu as forbairt agus cothú den chreatlach rialaithe airgeadais, faisnéis don Bhord, a dhéanann monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais de rialú inmheánach airgeadais. Tá ról freisin ag an bhfeidhm Iniúchta Inmheánaigh i dtaca le monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtacht an rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Feridhm an Iniúchta Inmheánaigh

Chríochnaigh an tIniúchóir Inmheánach tuarascáil i Nollaig 2007 ar éifeachtacht an chórais de rialú inmheánach. Bhí Plean Iniúchta Inmheánaigh chun athbhreithniú mion a dhéanamh ar phríomhrioscaí na heagraíochta bunaithe ar an tuarascáil.

Mar chuid de chlár oibre an Iniúchta Inmheánaigh 2008, rinneadh athbhreithniú ar roinnt Lárionad Acmhainne Teaghlaigh (FRC) agus Gníomhaireachtaí Tacaíochta (SA) a fhaigheann maoiniú ón FSA. Ba é an cur chuige úsáidte sna athbhreithnithe ag gach FRC/SA na próisis agus na modhanna oibre i dtaca leis na réimsí seo a leanas a athbhreithniú:

- *Rialachas* – Na struchtúir rialachais atá i bhfeidhm taobh istigh den FRC/SA a athbhreithniú, lena chinntiú gur sainaithníodh agus gur tugadh faoi gach príomhriosca rialachais.
- *Seachadadh* – Na leibhéil mhaoinithe agus na cláir faoina bhfuair an FRC/SA an maoiniú a shainaithint. Athbhreithniú a dhéanamh ar an dóigh ar bhain an FRC/SA úsáid as an maoiniú lena chinntiú go bhfuil sé comhsheasmhach leis an gcuspóir beartaithe. Na próisis a athbhreithniú lena chinntiú go bhfuil torthaí á monatóiriú agus á mbaint amach de réir an chritéir áirithe san iarratas deontais.
- *Comhlíonadh* – Na próisis airgeadais agus na modhannna oibre atá i bhfeidhm laistigh den FRC/SA a athbhreithniú lena chinntiú go bhfuil leibhéal cuí de rialú airgeadais i bhfeidhm. Tástáil de na rialuithe airgeadais a dhéanamh le fáil amach méid na rialuithe airgeadais atá i bhfeidhm agus atá ag obair mar a dearadh. Na ráitis a bhí iniúchta go neamhspleách a athbhreithniú lena chinntiú go bhfuil siad réitithe mar is ceart agus go hiomlán leis na deontais a sholáthair an FSA.

An Ghníomhaireacht um Thacaiocht Teaghlaigh

Ráiteas ar Chóras de Rialú Inmheánach Airgeadais

Faisnéis faoi laigí sna rialúcháin

Níor fhulaing An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh aon chaillteanas ábhartha sa bhliain dár críoch 31 Nollaig 2008, mar gheall ar laigí sa chóras de rialú inmheánach airgeadais, as a dtiocfadh cuimsiú aon fhorála, teagmhasachta nó neamhchinnteachta sna ráitis airgeadais don bhliain dá bharr.

Cathaoirleach	21 Nollaig 2009 **Dáta**

Príomhfheidhmeannach	21 Nollaig 2009 **Dáta**

An Ghníomhaireacht um Thacaiocht Teaghlaigh

Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

Is mar a leanas atá na beartais cuntasaíochta tábhachtacha ar glacadh leo sna ráitis airgeadais seo:

Bonn na Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe na cuntasaíochta de réir an chleachtais chuntasaíochta choitianta agus faoi choinbhinsiún stairiúil an chostais agus comhlíonann caighdeáin tuariscithe airgeadais Bhord na gCaighdeán Cuntasaíochta, seachas maidir le cuntasaíocht le haghaidh pinsinéirí foirne, agus tá siad sa chruth ceadaithe ag an Aire Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh. Luaitear na cuntais in euro.

Maoiniú Stáit

Léiríonn Maoiniú Stáit an méid a íocann an Roinn Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh go díreach leis an FSA don bhliain agus na méideanna a íocann an Roinn Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh thar ceann an FSA don bhliain.

Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe mar chostas lúide an dímheas carnach.

Cuirtear dímheas ar fáil ar bhonn na líne dírí ar rataí a mheastar chun na sócmhainní a laghdú go luachanna inréadaithe roimh dheireadh a saolta úsáideacha tuartha mar a leanas :-

Troscán agus feistithe	10%	Líne dhíreach
Trealamh oifige	10%	Líne dhíreach
Trealamh Ríomhaire	20%	Líne dhíreach
Forbairt Bhogearraí	20%	Líne dhíreach

Airgeadraí Coimhthíocha

Aistrítear go euro idirbhearta a rinneadh amach in airgeadraí coimhthíocha ar na rátaí malairte atá i réim ar an dáta cuntasaíochta agus cuimsítear iad sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain. Muirearaítear ar an gcuntas Ioncaim agus Caiteachais aon difríocht a eascraíonn ar aistriú idir na dátaí idirbheartaíochta agus na dátaí íocaíochta.

Cuntas Caipitil

Léiríonn an cuntas caipitil an méid ioncaim gan amúchadh a úsáideadh chun sócmhainní seasta a mhaoiniú

An Ghníomhaireacht um Thacaiocht Teaghlaigh

Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

Pinsin Foirne

De réir Míre 17 den Acht faoin nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh 2001, cuireadh dréachtscéim phinsin, i dtaca le fostaithe an FSA, faoi bhráid an Aire Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh agus an Aire Airgeadais, ach níor ceadaíodh í fós. Choinnigh ball foirne a d'aistrigh chuig an nGníomhaireacht ón Státseirbhís a dteidlíochtaí reatha aosiliúntais. Tá an Ghníomhaireacht faoi dhliteanas aon sochair ag éirí as a íoc leis an bhfoireann sin a éiríonn as sa tréimhse idir dáta aistrithe agus teacht i bhfeidhm a scéime féin. Íoctar a leithéid de shochair aoisliúntais as ioncam reatha agus iad gearrtha don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain ina mbíonn siad iníoctha.

Státseirbhísigh iad an chuid eile den fhoireann ar iasacht ón Roinn agus tá siad cuimsithe ag socruithe pinsin na Státseirbhíse.

Déaduchtaíodh ranníocaíochtaí fostaithe ó thuarastail fhoirne de réir forálacha na dréachtscéime. Glactar leis go bhfuil ranníocaíochtaí iníoctha don Roinn Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh agus iad i seilbh na Gníomhaireachta ar feitheamh ceadaithe na scéime.

Níor comhlíonadh forálacha Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS 17) agus mar gheall air sin níor rinneadh aon fhoráil sna ráitis airgeadais i dtaca le dliteanais aoisliúntais, a bheidh dlite le haghaidh íocaíochta sa todhchaí. Nochtar meastachán ar na dliteanais seo, ríomhtar de réir FRS 17, trí nóta.

An Ghníomhaireacht um Thacaiocht Teaghlaigh

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

	Nótaí	2008 €	2007 €
Ioncam			
Maoiniú Stáit	1	36,074,655	35,363,183
Aistriú go/(ó) Cuntas Caipitil	10	(51,788)	16,078
		36,022,867	35,379,261
Caiteachas			
Deontais Tacaíochta Airgeadais	2	29,051,355	28,103,000
Caiteachas Párolla	3	2,920,701	2,516,930
Caiteachais Chomhaltaí an Bhoird	4	108,911	106,863
Soláthar d'aisíocaíocht DSFA		-	1,900,000
Caiteachas Riaracháin	5	2,217,020	2,324,887
		34,297,987	34,951,680
Barrachas d'Ioncam thar Caiteachas		1,724,880	427,581

Ní raibh aon ghnóthachain nó caillteanais sa bhliain airgeadais ag an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh, seachas iad sin a bhfuil pléite leo sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 15 mar bhunchuid de na ráitis airgeadais seo.

_____	21 Nollaig 2009
Cathaoirleach	**Dáta**
_____	21 Nollaig 2009
Príomhfheidhmeannach	**Dáta**

An Ghníomhaireacht um Thacaiocht Teaghlaigh

Clár Comhardaithe
ar 31 Nollaig 2008

	Nótaí	2008 €	2007 €
SÓCMHAINNÍ SEASTA			
Sócmhainní Inláimhsithe	6	1,160,475	1,108,687
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Airgead ar láimh	7	211,546	2,114,249
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	8	3,815,920	3,003,334
		4,027,466	5,117,582
CREIDIÚNAITHE (suimeanna atá iníoctha taobh istigh de bhliain)	9	(669,440)	(3,484,436)
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA		3,358,026	1,633,146
Sócmhainní iomlána		4,518,501	2,741,833
MAOINITHE AG			
An barrachas carnach ioncaim thar caiteachas		3,358,026	1,633,146
Cuntas Caipitil	10	1,160,475	1,108,687
		4,518,501	2,741,833

Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 15 mar bhunchuid de na ráitis airgeadais seo.

_____ 21 Nollaig 2009

Cathaoirleach **Dáta**

Pat Barrett

_____ 21 Nollaig 2009

Príomhfheidhmeannach **Dáta**

An Ghníomhaireacht um Thacaiocht Teaghlaigh
Ráiteas Sreafa Airgid
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

	Nótaí	2008 €	2007 €
Réiteach an bharrachais oibrithe do ghlansreabhadh			
Insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibrithe			
Barrachas oibrithe / (easnamh) don bhliain		1,724,880	427,581
Dímheas	6	212,926	203,251
Aistriú ó/(go) Cuntas Caipitil	10	51,788	(16,078)
Méadú i bhFéichiúnaithe		(812,586)	(637,386)
Méadú / (Laghdú) i gcreidiúnaithe		(2,814,996)	2,324,054
Glaninsreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibrithe		(1,637,988)	2,301,422
Ráiteas Sreafa Airgid			
Glaninsreabhadh / eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibrithe		(1,637,988)	2,301,422
Tuairisceáin ar Infheistíocht agus ar Sheirbhísiú d'Airgeadas			
Ús Tuillte		0	0
Glanchaiteachas Caipitil			
Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil	10	(264,715)	(187,173)
Méadú / (Laghdú) in airgead tirim		(1,902,703)	2,114,249

RÉITEACH AN GHLANSREAFA AIRGID LEIS AN NGLUAISEACHT I NGLANCHISTÍ

Glanchistí ar 31 Nollaig 2007		2,114,249	0
Glanchistí ar 31 Nollaig 2008	7	211,546	2,114,249
Méadú / (Laghdú) in airgead tirim		(1,902,703)	2,114,249

Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 15 mar bhunchuid de na ráitis airgeadais seo.

Cathaoirleach — **Dáta** 21 Nollaig 2009

Príomhfheidhmeannach — **Dáta** 21 Nollaig 2009

An Ghníomhaireacht um Thacaiocht Teaghlaigh

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. MAOINIÚ STÁIT

	2008 €	2007 €
Deontas Oireachtais	35,981,000	35,339,000
Íocaíochtaí ag DSFA thar ceann an FSA	-	24,183
Aisíoc FRC	93,655	-
	36,074,655	35,363,183

2. DEONTAIS TACAÍOCHTA AIRGEADAIS

	2008 €	2007 €
Deontais Chomhairliúcháin	10,947,369	9,954,000
Deontais chuig Lárionaid Acmhainne Teaghlaigh	18,103,986	18,149,000
	29,051,355	28,103,000

3. CAITEACHAS PÁROLLA

	2008 €	2007 €
Pá agus Tuarastail	2,782,676	2,394,468
Taisteal agus Cothú	138,025	122,462
	2,920,701	2,516,930
Foireann fostaithe	63	70
Líon cothrom na bpost lánaimseartha	38.98	41.7

4. CAITEACHAS CHOMHALTAÍ AN BHOIRD

	2008 €	2007 €
Táillí Chomhaltaí an Bhoird	70,388	78,663
Taisteal agus Cothú	38,523	28,200
	108,911	106,863

5. CAITEACHAS RIARACHÁIN

	2008 €	2007 €
Cíos	588,161	879,414
Táillí Seirbhíse	75,797	122,469
Leictreachas	52,658	45,541
Árachas	11,374	48,038
Cothabháil	13,215	17,992
Slándáil	6,675	3,196
Glantachán	62,895	56,746
Comhairliú	58,806	164,318
Cuntasaíocht	60,769	67,686
Iniúchadh	8,972	12,000
Iniúchadh Inmheánach	54,080	-
Oiliúint	75,682	45,300
Fógraíocht	37,577	45,243
Comhdhálacha	9,577	35,201
Dímheas	212,926	203,251
Taighde	309,249	163,863
Faisnéis	151,293	183,040
Tionscadail Speisialta	210,000	70,000
Tionscadal Athshuímh Shligigh/Luimnigh	11,068	-
Páipéarachas	78,755	28,851
Teileafóin	60,882	57,856
Postas	22,634	37,211
Bia agus Deochanna	13,593	13,812
Síntiúis	11,534	11,544
Eile	18,848	12,315
	2,217,020	2,324,887

6. SÓCMHAINNÍ SEASTA

Costas	Trealamh Ríomhaire €	Fearais & Feistis €	Trealamh Oifige €	Forbairt Bhogearraí €	Iomlán €
Ar 31 Nollaig 2007	318,695	1,246,314	148,803		1,713,813
Breiseanna	43,635	185,041	7,277	28,762	264,715
Ar 31 Nollaig 2008	362,330	1,431,355	156,080	28,762	1,978,528
Dímheas Carnach					
Ar 31 Nollaig 2007	227,709	322,158	55,259	-	605,127
Táille don bhliain	48,431	143,135	15,608	5,752	212,926
Ar 31 Nollaig 2008	276,140	465,293	70,867	5,752	818,053
Glanluach Leabhar					
Ar 31 Nollaig 2007	90,986	924,156	93,545	-	1,108,687
Ar 31 Nollaig 2008	86,190	966,062	85,213	23,010	1,160,475

7. AIRGEAD AR LÁIMH

	2008 €	2007 €
Cuntas Reatha	154,214	2,114,249
Cuntas Taisce	57,332	-
	211,546	2,114,249

Osclaíodh cuntas taisce i mBanc na hÉireann i 2008 chun ranníocaíochtaí pinsin fostaithe a choinneáil.

8. FÉICHIÚNAITHE & RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ

Méideanna iníoctha taobh istigh de bhliain

	2008 €	2007 €
Réamhíocaíochtaí Deontais FRC	3,756,054	2,924,154
Réamhíocaíochtaí Eile	59,866	79,180
	3,815,920	3,003,334

9. CREIDIÚNAITHE

Méideanna iníoctha taobh istigh de bhliain

	2008 €	2007 €
Soláthar d'aisíocaíocht DSFA	-	1,900,000
Fabhruithe Cíosa	284,230	1,021,505
Fabhruithe Táillí Seirbhíse	100,302	299,425
Fabhruithe Eile	66,923	174,036
Creidiúnaithe	217,985	89,470
	669,440	3,484,436

10. CUNTAS CAIPITIL

	2008 €	2007 €
Iarmhéid Tosaigh	1,108,686	1,124,765
Ioncam a úsáideadh chun Sócmhainní Seasta a fháil	264,715	187,173
Amúchadh de réir dímheasa sócmhainní	(212,926)	(203,251)
Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais	51,788	(16,078)
Iarmhéid Deiridh ar 31 Nollaig	1,160,475	1,108,687

11. PRASÍOCAÍOCHTAÍ

Tuigeann an Bord a fhreagrachtaí faoi reachtaíocht Phrasíocaíochta na gCuntas agus tá modhanna agus próisis chuí i bhfeidhm aige lena chinntiú go ndéantar gach íocaíocht de réir na reachtaíochta. Níor íoc an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh aon ús prasíocaíochta le linn na bliana.

12. DLITEANAS TEAGMHASACH

Ní raibh aon dliteanais teagmhasacha ar 31 Nollaig 2008.

13. CÓIRÍOCHT

Léasaíodh an Cheanncheathrú a shealbhaíonn an Ghniomhaireacht ar Urlár 4, Teach Fhaiche Stiabhna, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, ó Oifig na nOibreacha Poiblí i 2003 do thréimhse aon bhliain déag go leith. Ba é €215,350 an táille iomlán cíosa i 2008 (2007: €215,350). D'oibrigh an tSeirbhís Eadrána Teaghlaigh, atá faoi choimirce na Gníomhaireachta, o 16 áitreabh ar cíos ar fud na tíre i 2008 ar chostas iomlán de €372,811 (2007: €664,064).

14. PINSIN

Baineann scéim shainmhínithe leasa aoisliúntais le foireann na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh (FSA). Tá sochair maoinithe ar bhonn "íoctar mar a úsáidtear" agus ní choinnítear aon sócmhainní i dtaca le dliteanais phinsin fhabhraithe na foirne FSA.
Meastar gurb é €4,800,000 luach na ndliteanas aoisliúntais fabhraithe ar 31 Nollaig 2008, de réir comhairliúchán ó achtúire cáilíthe neamhspleách don Ghníomhaireacht.

Is iad seo a leanas na toimhdí airgeadais a úsáideadh chun dliteanais scéime a ríomh:

Ráta lascaine	**5.5%**
Toimhde méadaithe tuarastail	**4%**
Toimhde méadaithe pinsin	**4%**
Boilsciú praghsanna	**2%**

Rinneadh an meastachán le húsáid mhodha an aonaid bheartaithe atá leagtha síos i FRS17.

15. CEADÚ NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Cheadaigh an Bord na Ráitis Airgeadais ar 21 Nollaig 2009.